


# Eleathanach 412





Dé Luain, an 16 Bealtaine 2022

## Ollphéist Loch Ness

Tá físeán nua den ollphéist i Loch Ness in Albain anois le feiceáil ar an idirlíon. San fhíseán seo, tá an créatúr aisteach ag snámh ar bharr an uisce sa loch. Bhí corp an-fhada ag an gcréatúr.

Rinne cúpla atá sna caogaidí taifeadadh ar Nessie, bhí siad ar a laethanta saoire. Tá Gary Campbell sa tóir ar an ollphéist le 25 bliain anuas agus dúirt sé go bhfuil an físeán seo níos fearr ná an chuid is mó de na físeáin de Nessie roimhe seo.

Deir go leor daoine nach bhfuil fírinne taobh thiar den scéal faoi Nessie, ach tar éis an fhíseáin seo, b'fhéidir go n-athróidh sé intinn an phobail.





## Rás do bhua na sraithe




An bhfuil Liverpool tar éis chorn an *Premier League* a chailliúint? An deireadh seachtaine seo caite, chríochnaigh cluiche sacair Liverpool i gcoinne Tottenham ar comhscór 1-1.

Ar feadh cúpla seachtain anuas, tá Liverpool agus Manchester City ag troid i gcoinne a chéile chun an chéad áit sa tsraith a choimeád. Tar éis an chluiche seo bhí an dá fhoireann ag barr na sraithe.

Ach ag an deireadh seachtaine chríochnaigh cluiche idir Man. City agus West Ham. ar comhscór freisin 2-2. Beidh cúpla seachtain shuimiúil ann sula mbeidh an t-eolas againn faoi bhuaiteoir na sraithe, ach faoi láthair is cosúil go bhfuil Man. City chun tosaigh.



Fiú gan an *Premier League*, bhí séasúr láidir ag Liverpool agus beidh siad ag imirt i gcluiche ceannais i Sraith Curadh UEFA ag deireadh na míosa i gcoinne Real Madrid.

## Jessica Watkins sa spás amuigh!

Dé Céadaoin seo caite, chuaigh spásaire NASA, Jessica Watkins suas chuig an stáisiún spás idirnáisiúnta ar roicéad 'Space X'. Is í an chéad bhean ghorm a thug cuairt ar an stáisiún spás idirnáisiúnta riamh.



Tá daoine eile ag obair léi ar an stáisiún agus is cosúil go bhfanfaidh siad ann ar feadh sé mhí eile.

Beidh Jessica i gceannas ar roinnt turgnamh, m.sh. turgnamh amháin a bhaineann le plandaí agus turgnamh eile a bhaineann le daoine, í féin san áireamh.

Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta